Preaseisiúint Uimh. 138/23
Lucsamburg, 13 Meán Fómhair 2023

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T-65/18 RENV | Veiniséala v an Chomhairle

# Diúltaíonn an Chúirt Ghinearálta do chaingean Veiniséala i gcoinne bearta sriantacha an Aontais Eorpaigh

De bharr an mheatha ar an staid maidir le cearta an duine, leis an smacht reachta agus leis an daonlathas, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala ar an 13 Samhain 2017 [1]. Leagtar síos leis na bearta sin, go bunúsach, toirmeasc ar threalamh a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh brú faoi chois inmheánach agus na seirbhísí a bhaineann leis an trealamh sin agus leis an trealamh míleata a dhíol, a aistriú, a sholáthar nó a onnmhairiú d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó d'aon chomhlacht i Veiniséala nó chun go n-úsáidfí sa tír sin iad;

Ar an 6 Feabhra 2018, thionscain Veiniséala caingean os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh lenar iarr sí go gcuirfí Rialachán 2017/2063 ar neamhní, a mhéid a bhain forálacha an Rialacháin sin léi. Ina dhiaidh sin, rinne Veiniséala a caingean a leasú ionas go gcumhdófar leis an gcaingean, ina theannta sin, Cinneadh 2018/1656 agus Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/1653[2] lenar chuir an Chomhairle síneadh ar, agus lenar leasaigh an Chomhairle na bearta sriantacha a glacadh, faoi seach.

Le breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2019, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta an chaingean sin mar chaingean do-ghlactha ar an bhforas nach raibh tionchar díreach ag na bearta atá faoi chonspóid staid dhlíthiúil Veiniséala [3]. Ar an 22 Meitheamh 2021, i ndiaidh di éisteacht le hachomhairc a rinne Veiniséala, chuir an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas na Cúirte Ginearálta ar neamhní [4] sa mhéid agus chinn sí go raibh an chaingean a thug Veiniséala do-ghlactha a mhéid a iarradh léi Airteagail 2, 3, 6 agus 7 den Rialachán 2017/2063 a chur ar neamhní agus tharchuir sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ginearálta ionas go ndéanfaidh sí rialú ar an tsubstaint.

Le breithiúnas an lae inniu, **diúltaíonn an Chúirt Ghinearálta do na hargóintí go léir a mhaígh Veiniséala mar thaca lena hiarratas ar Airteagail 2, 3, 6 agus 7 den Rialachán 2017/2063 a chur ar neamhní.**

Ar an gcéad dul síos, de réir na Cúirte Ginearálta, ní raibh sé de cheart ag Veiniséala éisteacht a fháil sula nglacfar na bearta atá faoi chonspóid, ar bearta iad a bhfuil feidhm ghinearálta leo. Tá feidhm ag an gceart chun éisteacht a fháil maidir le bearta indibhidiúla a glacadh i gcoinne duine agus nach bhféadfaí í a agairt i gcomhthéacs glacadh

[1] Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle an 13 Samhain 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala (IO 2017 L 295, lch. 21).

[2] Cinneadh (CBES) 2018/1656 ón gComhairle an 6 Samhain 2018 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala (IO 2018 L 276, lch. 10), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1653 ón gComhairle an 6 Samhain 2018 lena gcuirtear Rialachán (AE) 2017/2063 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala (IO 2018 L 276, lch. 1).

[3] Breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2019, *Veiniséala* v *an Chomhairle*, T-65/18.

[4] Breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Veiniséala* v *an Chomhairle* (Affectation d'un État tiers), C-872/19 P, féach freisin Preaseisiúint Uimh. 112/21

bearta de raon feidhme ginearálta.

Ina theannta sin, is éard a bheadh i gceist le héisteacht an tríú tír atá i gceist, roimh ghlacadh bearta sriantacha lena gcuirtear rogha den sórt sin maidir le beartas seachtrach chun feidhme, chuirfí de cheangal ar an gComhairle plé a reáchtáil a bhaineann le caibidlíocht idirnáisiúnta leis an tír sin. Leis sin bhainfí an tsubstaint ón éifeacht atá á lorg le bearta sriantacha a fhorchur i leith na tíre sin, eadhon brú a chur ar an tír sin d'fhonn athrú ar a hiompar a bhaint amach.

Ar an dara dul síos, maidir leis an oibleagáid atá ar an gComhairle cúiseanna a lua, tugann an Chúirt Ghinearálta dá haire chuir an Chomhairle an staid ina hiomláine is cúis le glacadh na mbeart sriantach in iúl go dóthanach agus ní féidir le Veiniséala neamhaird a dhéanamh air sin.

Ar an tríú dul síos, maidir leis na hargóintí lena n-éilítear míchruinneas ábhartha na bhfíoras agus earráid fhollasach mheasúnaithe maidir leis an staid pholaitiúil i Veiniséala, measann an Chúirt Ghinearálta, ar dtús, gur bhraith an Chomhairle ar fhaisnéis sochreidte agus iontaofa d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an staid i Veiniséala agus nár léirigh Veiniséala don Chomhairle go raibh míchruinneas ábhartha ag baint leis na fíoras ar a bhfuiltear ag brath orthu. Ina theannta sin, bhí an Chomhairle in ann a mheas, ar an dáta a glacadh an Rialachán atá faoi chonspóid, go raibh an foréigean, úsáid iomarcach fornirt agus sáruithe ar cheart an duine nó dochar don daonlathas i Veiniséala bunaithe go leordhóthanach agus go raibh rioscaí ann go n-atarlódh teagmhais den sórt sin amach anseo. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Chomhairle teacht ar an gconclúid, gan earráidí follasacha measúnaithe a dhéanamh, go bhfuil dochar á dhéanamh don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta an duine i Veiniséala.

Ar an gceathrú dul síos, diúltaíonn an Chúirt Ghinearálta d'argóintí Veiniséala lena n-éilítear forchur frithbheart mídhleathach agus sárú ar an dlí idirnáisiúnta. I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, measann an Chúirt Ghinearálta nach ionann na bearta atá faoi chonspóid agus frithbhearta, ós rud é nach gcumhdaítear na bearta sriantacha atá i gceist leis na coinníollacha a leagtar amach sna de na dréacht-Airteagail maidir le dliteanas an Stáit i leith gníomh éagórach ar leibhéal idirnáisiúnta, mar a glacadh in 2001 ag Coimisiún Dlí Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe. Thairis sin, i gcomhréir leis an gcásdlí, diúltaíonn an Chúirt Ghinearálta d'argóint Veiniséala nach bhfuil an Chomhairle inniúil chun na bearta sriantacha sin a ghlacadh gan údarú roimh ré ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (NA). Cuireann an Chúirt Ghinearálta in iúl freisin nár léirigh Veiniséala gurb ann do "cleachtas ginearálta a ghlactar leis mar bheith an dlí" lena gceanglaítear údarú den sórt sin roimh don Chomhairle bearta sriantacha a ghlacadh. Ina dhiaidh sin, diúltaíonn an Chúirt d'argóintí Veiniséala lena n-éilítear sárú ar chomhaontuithe na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT). Ar thaobh amháin, ní mhaíonn Veiniséala go dtagraítear go sainráite d'fhorálacha chomhaontuithe EDT leis an Rialachán atá faoi chonspóid. agus, ar an taobh eile, níor chuir an tír sin in iúl céard iad na gníomhartha agus ag cén tráth a raibh sé beartaithe ag an Aontas, tríd an Rialachán atá faoi chonspóid, oibleagáid ar leith faoi chuimsiú EDT a chomhlíonadh. Ar deireadh, diúltaíonn an Chúirt Ghinearálta freisin d'argóint Veiniséala gur fheidhmigh an Chomhairle dlínse sheach-chríochach. I ndáil leis sin, tugann an Chúirt Ghinearálta dá haire go ndírítear leis na bearta sriantacha atá i gceist ar dhaoine agus ar staideanna a chumhdaítear faoi dhlínse na mBallstát *ratione loci* nó *ratione personae*. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chúirt Ghinearálta go gcumhdaítear cumhacht na Comhairle chun bearta sriantacha a ghlacadh faoi bhearta uathrialaitheacha an Aontais a ghlactar i gcomhthéacs an comhbheartas eachtrach agus slándála (CBES), a bhfuil sé mar aidhm acu, go háirithe, a áirithiú go n-urraimítear na hoibleagáidí *erga omnes partes* chun na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta ginearálta agus na hionstraimí idirnáisiúnta de chineál uilíoch nó nach mór uilíoch a urramú, go háirithe Airteagal 1 de Chairt na Náisiún Aontaithe.

**NÓTA:** Is féidir achomharc, teoranta do phointí dlí, a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreith na Cúirte Ginearálta laistigh de dhá mhí agus 10 lá ó sheirbheáil na breithe.

**NÓTA:** Le caingean le haghaidh neamhniú, iarrtar gníomhartha institiúidí an Aontais Eorpaigh atá ar neamhréir le dlí an Aontais Eorpaigh a chur ar neamhní. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí an Aontais, nó daoine aonair, faoi

choinníollacha áirithe, caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. Má tá bunús maith leis an gcaingean, cuirtear an gníomh ar neamhní. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlí a chruthaítear mar gheall ar neamhniú an ghnímh a líonadh.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Foilsítear téacs iomlán agus, más ann, résumé an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí phreasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**